



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0394/2023**

5.12.2023

**\*\*\*I**

# **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh  
(COM(2023)0177 – C9-0121/2023 – 2023/0089(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Emil Radev

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	40
IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTEIR IONCHUR.....	42
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....	43
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	44



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí digiteacha agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh

(COM(2023)0177 – C9-0121/2023 – 2023/0089(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0177),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 50(1) agus (2)(g) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0121/2023),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0394/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 9**

---

<sup>1</sup> IO C 293, 18.8.2023, lch. 82.

(9) Ba cheart rialú coisctheach **riaracháin nó breithiúnach**, lena n-urramaítear traidisiúin na mBallstát, **lena n-áirítear rannpháirtíocht fhéideartha nó tairí**, a áirithiú **i ngach Ballstát** chun iontaofacht sonraí cuideachta trasteorann a áirithiú. Ba cheart seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanaimh na cuideachta, ar reachtanna na cuideachta má tá siad in ionstraim ar **leithligh**, agus ar aon leasú ar na hionstraimí agus ar na reachtanna sin, ós rud é gurb iad sin na doiciméid is tábhachtaí a bhaineann leis an gcuideachta.

(9) Ba cheart rialú **riaracháin** coisctheach, **breithiúnach nó nótaireachta nó aon mheascán díobh sin**, lena n-urramaítear traidisiúin na mBallstát, a áirithiú **sna Ballstáit uile** chun iontaofacht sonraí cuideachta trasteorann a áirithiú. **Dá bhrí sin**, ba cheart **do na Ballstáit foráil a dhéanamh do rialú coisctheach poiblí trí chúirteanna, údaráis riaracháin nó nó tairí i gcomhréir lena gcórais dlí náisiúnta**. **Ba cheart** seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanaimh na cuideachta, ar reachtanna na cuideachta má tá siad in ionstraim ar **leith**, agus ar aon leasú ar na hionstraimí agus ar na reachtanna sin, ós rud é gurb iad sin na doiciméid is tábhachtaí a bhaineann leis an gcuideachta.

## **Leasú 2**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 9 a (nua)**

**(9a) Éilíonn dlíthiúlacht idirbheart faoi dhlí na gcuideachtaí, cosaint clár poiblí iontaofa agus cosc gníomhaíochtaí neamhdhleathacha go ndéanfaí na rannpháirtithe in idirbhearta den sórt sin a shainnithint i gceart agus go slán agus freisin go bhfíorófaí a n-inniúlacht dhlítheanach. Tá feidhm aige sin, inter alia, maidir le bunaitheoirí agus stiúrthóirí cuideachtaí. Go háirithe, is réamhriachtanas é an custaiméir a shainnithint go hiontaofa i gcomhréir leis an bprionsabal ‘bíodh aithne agat ar do chustaiméirí’ faoi rialacha maidir le sciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) le haghaidh aon oibleagáid díchill chuí ar chustaiméirí AML/CFT agus, uime sin, le haghaidh aon chosc ar**

*sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (ML/TF). Dá bhrí sin, i gcás na nósanna imeachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foráil a dhéanamh ina leith do rialuithe leictreonacha poiblí comhlántacha ar an gcéannacht, ar an inniúlacht dhlíthiúil agus ar an dlíthiúlacht. D'fhéadfadh rialuithe céannachta closamhairc cianda poiblí, lena n-áirítear seiceálacha leictreonacha ar ghrianghraif aitheantais, a bheith ar áireamh sna rialuithe leictreonacha poiblí comhlántacha sin.*

## Leasú 3

### Togra le haghaidh treorach Aithris 11

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Is éard atá i gceist le prionsabal na ‘haonuaire’ a chur i bhfeidhm nach n-iarrtar ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a chur faoi bhráid údaráis phoiblí níos mó ná uair amháin. Mar shampla, níor cheart go mbeadh ar chuideachtaí doiciméid **chuideachta** ná faisnéis na cuideachta a **tiolacadh** cheana **féin a chur isteach** sa chlár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus fochuideachta á cruthú i mBallstát eile. Ina ionad sin, ba cheart faisnéis faoin gcuideachta a mhalartú go leictreonach idir an clár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus an clár ina bhfuil fochuideachta le clárú, trí úsáid a bhaint as an gcóras um idirnascadh na gclár. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil sa chlár gnó d’aon údarás, comhlacht nó duine atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d’fhoirmiú cuideachta.

*Leasú*

(11) Is éard atá i gceist le prionsabal na ‘haonuaire’ a chur i bhfeidhm nach n-iarrtar ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a chur faoi bhráid údaráis phoiblí níos mó ná uair amháin. Mar shampla, níor cheart go mbeadh ar chuideachtaí doiciméid **sin na cuideachta** ná faisnéis **sin** na cuideachta a **cuireadh isteach** cheana sa chlár ina bhfuil an chuideachta cláraithe **a chur isteach ann athuair** agus fochuideachta á cruthú i mBallstát eile. Ina ionad sin, ba cheart faisnéis faoin gcuideachta a mhalartú go leictreonach idir an clár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus an clár ina bhfuil fochuideachta le clárú, trí úsáid a bhaint as an gcóras um idirnascadh na gclár; **ba cheart gurbh fhéidir, áfach, modhanna eile a úsáid chun doiciméid agus faisnéis a mhalartú, i gcomhthráth le húsáid modhanna leictreonacha**. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil sa chlár gnó d’aon údarás, comhlacht nó duine atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d’fhoirmiú cuideachta. **Níor cheart**

*éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis a tharchuirtear mar chuid de chumarsáid leictreonach trí chóras idirnasctha na gclár ná níor cheart a mheas go bhfuil siad neamh-inghlactha ar an bhforas go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach, agus ar an bhforas sin amháin. Ba cheart go mbeadh éifeacht dhlíthiúil na ndoiciméad agus na faisnéise sin mar a chéile le héifeacht dhlíthiúil chlár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta i gceist cláraithe.*

## Leasú 4

### Togra le haghaidh treorach Aithris 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Chun cur leis an trédhearcacht agus leis an iontaoibh i ndáil le cuideachtaí sa mhargadh aonair, agus chun oibríochtaí agus gníomhaíochtaí trasteorann cuideachtaí a éascú, tá sé ríthábhachtach tuilleadh faisnéise cuideachta a chur ar fáil ar fud an Aontais agus a áirithiú go mbeidh sí inchomparáide agus inrochtana. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chur leis an bhfaisnéis chuideachta atá ann cheana i gcláir náisiúnta agus trína cur ar fáil ar leibhéal an Aontais tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, **chomh maith le** rochtain a sholáthar ar thuilleadh faisnéise sna cláir náisiúnta agus tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

*Leasú*

(12) Chun cur leis an trédhearcacht agus leis an iontaoibh i ndáil le cuideachtaí sa mhargadh aonair, **chun a áirithiú go mbeidh cinnteacht dhlíthiúil** agus **cosaint ann do thríú páirtithe agus iad ag plé le cuideachtaí i gcomhthéacs trasteorann**, chun **rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus na mí-úsáide, agus chun** oibríochtaí agus gníomhaíochtaí trasteorann cuideachtaí a éascú, tá sé ríthábhachtach tuilleadh faisnéise cuideachta a chur ar fáil ar fud an Aontais agus a áirithiú go mbeidh sí inchomparáide agus inrochtana. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chur leis an bhfaisnéis chuideachta atá ann cheana i gcláir náisiúnta agus trína cur ar fáil ar leibhéal an Aontais tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, **agus freisin trí** rochtain a sholáthar ar thuilleadh faisnéise sna cláir náisiúnta agus tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

## Leasú 5



## Togra le haghaidh treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Chun leasanna tríú páirtithe a chosaint agus muinín a fheabhsú in idirbhearta gnó le cineálacha éagsúla cuideachtaí sa mhargadh aonair, tá sé tábhachtach trédhearcacht a fheabhsú agus rochtain níos éasca a sholáthar ar bhonn trasteorann ar fhaisnéis maidir le ‘comhpháirtíochtaí tráchtála’. Tá ról tábhachtach acu sin i ngeilleagar na mBallstát agus tá siad cláraithe i ngach clár náisiúnta gnó, ach tá difríochtaí ann idir na cineálacha comhpháirtíochtaí agus na cineálacha faisnéise a chuirtear ar fáil fúthu ar fud an Aontais, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ann maidir le rochtain trasteorann ar an bhfaisnéis sin. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart an fhaisnéis bhunúsach chéanna maidir le ‘comhpháirtíochtaí tráchtála’ a nochtadh i **ngach Ballstát**. Ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh do chomhpháirtíochtaí a bheith ar aon dul leis na ceanglais atá ann cheana maidir le nochtadh do chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta ach ba cheart iad a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha na gcomhpháirtíochtaí. Mar shampla, ba cheart go gcumhdófaí leis na ceanglais maidir le nochtadh faisnéis faoi chomhpháirtithe, lena n-áirítear na comhpháirtithe sin atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht. Amhail i gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a cheangal ar chomhpháirtíochtaí doiciméid nó faisnéis a nochtadh thar an méid a cheanglaítear leis an Treoir seo. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta i ndoiciméid bhreise den sórt sin nó san fhaisnéis bhreise sin, ba cheart do na Ballstáit na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

*Leasú*

(15) Chun leasanna tríú páirtithe a chosaint agus muinín a fheabhsú in idirbhearta gnó le cineálacha éagsúla cuideachtaí sa mhargadh aonair, tá sé tábhachtach **an iontaofacht agus an** trédhearcacht a fheabhsú agus rochtain níos éasca a sholáthar, ar bhonn trasteorann, ar fhaisnéis maidir le ‘comhpháirtíochtaí tráchtála’. Tá ról tábhachtach acu sin i ngeilleagar na mBallstát agus tá siad cláraithe i ngach clár náisiúnta gnó, ach tá difríochtaí ann idir na cineálacha comhpháirtíochtaí agus na cineálacha faisnéise a chuirtear ar fáil fúthu ar fud an Aontais, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ann maidir le rochtain trasteorann ar an bhfaisnéis sin. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart an fhaisnéis bhunúsach chéanna maidir le ‘comhpháirtíochtaí tráchtála’ a nochtadh **sna Ballstáit uile ar cheart dóibh íoschaighdeán choiteanna um rialú coisctheach a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis sin**. Ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh **mar aon leis na seiceálacha dlíthiúlachta** do chomhpháirtíochtaí a bheith ar aon dul leis na ceanglais atá ann cheana maidir le nochtadh do chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta ach ba cheart iad a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha na gcomhpháirtíochtaí. Mar shampla, ba cheart go gcumhdófaí **freisin** leis na ceanglais maidir le nochtadh faisnéis faoi chomhpháirtithe, lena n-áirítear na comhpháirtithe sin atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht. Amhail i gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a cheangal ar chomhpháirtíochtaí doiciméid nó faisnéis a nochtadh thar an méid a cheanglaítear leis an Treoir seo. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta i ndoiciméid

gComhairle<sup>54</sup> .

bhreise den sórt sin nó san fhaisnéis bhreise sin, ba cheart do na Ballstáit na sonraí pearsanta sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>54</sup> .

---

<sup>54</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

---

<sup>54</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

## Leasú 6

### Togra le haghaidh treorach Aithris 16 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(16a) Tá áit thábhachtach ag comharchumainn in a lán Ballstát. Mar sin de, i gcás ina bhfuil faisnéis ar chomharchumainn ar áireamh i gcláir naisiúnta freisin, ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin inrochtana ar leibhéal an Aontais freisin tríd an gcóras um idirnascadh na gclár ar an mbealach céanna is a dhéantar amhlaidh i gcás cuideachtaí faoi dhlíteanas teoranta, agus faisnéis áirithe le cur ar fáil saor in aisce, agus ba cheart iad a shainaithint go haonchiallach tríd an EUID.***

## Leasú 7

### Togra le haghaidh treorach Aithris 20

(20) Chun ualach nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart an oibleagáid faisnéis an ghrúpa a thabhairt cothrom le dáta, uair sa bhliain ***ar a laghad***, a bheith ar an máthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, ar an máthairchuideachta idirmheánach nó ar an bhfochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit. ***Mura ndearnadh aon athrú laistigh de bhliain, ba cheart don mháthairchuideachta nó don fochuideachta sin é sin a dhaingniú dá clár, agus ba cheart don mháthairchuideachta nó don fochuideachta sin an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a chur ar fáil go poiblí. Ina theannta sin, ba cheart do gach fochuideachta a bheith freagrach as an bhfaisnéis a bhaineann lena cleamhnacht leis an ngrúpa a choinneáil cothrom le dáta ina clár. I ndáil leis sin, ba cheart don mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, don mháthairchuideachta idirmheánach nó don fochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit, aon athrú ar an bhfaisnéis ghrúpa a chur ar fáil gan mhoill do na fochuideachtaí (eile) ionas go gcomhlíonfaidh na fochuideachtaí in am an oibleagáid an fhaisnéis a bhaineann le grúpa a choinneáil cothrom le dáta ina gclár.***

(20) Chun ualach nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart an oibleagáid faisnéis an ghrúpa a thabhairt cothrom le dáta, uair sa bhliain ***i gcás inarb infheidhme***, a bheith ar an máthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, ar an máthairchuideachta idirmheánach nó ar an bhfochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit. ***Sa bhreis air*** sin, ba cheart gach fochuideachta a bheith freagrach as an bhfaisnéis a bhaineann lena cleamhnacht leis an ngrúpa a choinneáil cothrom le dáta ina clár.

## **Leasú 8**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 22**

(22) ***Chomh maith le caighdeáin*** choiteanna chun faisnéis chuideachta a sheiceáil sula gcuirtear isteach sa chlár í, is gá a áirithiú go gcoinneofar an fhaisnéis sa chlár cothrom le dáta. I moladh 24 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais

(22) ***Sa bhreis ar chaighdeáin*** choiteanna chun faisnéis chuideachta a sheiceáil sula gcuirtear isteach sa chlár í, is gá a áirithiú go gcoinneofar an fhaisnéis sa chlár cothrom le dáta. I moladh 24 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais

dar teideal ‘Trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha’, mar a athbhreithníodh i mí an Mhárta 2022, áirítear ceanglais go **gcoinneofar** faisnéis chuideachta i gcláir ghnó cruinn agus cothrom le dáta. Is chun leasa cuideachtaí é freisin a **áirithiú** go ndéantar a gcuid faisnéise a thabhairt cothrom le dáta sa chlár toisc gur féidir le tríú páirtithe brath ar an bhfaisnéis sin, lena n-áirítear an Deimhniú Cuideachta AE. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí athruithe ar fhaisnéis chuideachta a nochtadh gan **mhoill** neamhriachtanach agus ba cheart **do** na cláir na hathruithe sin a thairbhíú agus a chur ar fáil go tráthúil. Cé go rialaítear an spriocdháta chun doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**, ba cheart **do** na cláir iad a chur ar fáil go poiblí freisin gan moill neamhriachtanach. ***Ina theannta sin, chun iontaofacht sonraí cuideachta a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart do chuideachtaí a dheimhniú uair amháin in aghaidh na bliana féilire go bhfuil a bhfaisnéis sa chlár gnó cothrom le dáta, lena n-áirítear i gcás nár tharla aon athrú. Féadfaidh cuideachtaí agus athruithe eile á gcomhdú acu nó nuair atá doiciméid chuntasaíochta á gcomhdú acu.***

---

<sup>55</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

dar teideal ‘Trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha’, mar a athbhreithníodh i mí an Mhárta 2022, áirítear ceanglais go **gcoinneofaí** faisnéis chuideachta i gcláir ghnó cruinn agus cothrom le dáta. Is chun leasa cuideachtaí é freisin a **chinntiú** go ndéantar a gcuid faisnéise a thabhairt cothrom le dáta sa chlár toisc gur féidir le tríú páirtithe brath ar an bhfaisnéis sin, lena n-áirítear an Deimhniú Cuideachta AE. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí athruithe ar fhaisnéis chuideachta a nochtadh gan **moill** neamhriachtanach agus ba cheart na cláir na hathruithe sin a thairbhíú agus a chur ar fáil go tráthúil. Cé go rialaítear an spriocdháta chun doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>55</sup>, ba cheart na cláir iad a chur ar fáil go poiblí freisin gan moill neamhriachtanach.

---

<sup>55</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(23a) Níor cheart dlí na gcuideachtaí a bheith ina shlí le teacht timpeall ar dhlíthe tábhachtacha de chuid an Aontais agus ar dhlíthe tábhachtacha de chuid na mBallstát lena gcosnaítear leas an phobail. Dá bhrí sin, ba cheart do gheatóirí poiblí, faoi mhaoirseacht phoiblí an Aontais nó na mBallstát, dlíthiúlacht na n-idirbheart corparáideach agus na nósanna imeachta corparáideacha a bhfuil éifeacht acu ar an margadh inmheánach, agus a mhéid a chomhlíonann siad dlí is infheidhme an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme, a sheiceáil ar mhaithe le leas an phobail.**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(24) Sa mhargadh aonair, ba cheart **do chuideachtaí** a bheith in ann a chruthú go bhfuil a gcuideachta corpraithe go dlíthiúil i mBallstát trí mhodhanna simplí iontaofa, a aithníonn Ballstáit eile ar bhonn trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart Deimhniú Cuideachta comhchuibhithe **de chuid** an Aontais **Eorpaigh** a bhunú. D'fhéadfadh cuideachtaí iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cuideachta **den sórt sin de chuid** an Aontais chun é a úsáid chun críoch éagsúil, lena n-áirítear le haghaidh nósanna imeachta riaracháin os comhair údaráis náisiúnta agus imeachtaí cúirte i mBallstáit eile nó os comhair institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go n-eiseofaí agus go ndeimhneofaí Deimhniú Cuideachta **den sórt sin de chuid** an

(24) Sa mhargadh aonair, ba cheart **cuideachtaí** a bheith in ann a chruthú go bhfuil a gcuideachta corpraithe go dlíthiúil i mBallstát trí mhodhanna simplí **agus** iontaofa, a aithníonn Ballstáit eile ar bhonn trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart Deimhniú Cuideachta comhchuibhithe an Aontais a bhunú **agus a nochtadh i gclár na cuideachta**. D'fhéadfadh cuideachtaí iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cuideachta **sin** an Aontais chun é a úsáid chun críoch éagsúil, lena n-áirítear le haghaidh nósanna imeachta riaracháin os comhair údaráis náisiúnta agus imeachtaí cúirte i mBallstáit eile nó os comhair institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go n-eiseofaí agus go ndeimhneofaí Deimhniú Cuideachta **sin** an Aontais leis na cláir

Aontais leis na cláir náisiúnta ghnó, ba cheart go n-áireofaí **leis** faisnéis bhunriachtanach faoi chuideachta a úsáideann cuideachtaí i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear ainm na cuideachta, a hoifig chláráithe agus a hionadaithe dlíthiúla, agus ba cheart é a bheith ar fáil i **ngach teanga oifigiúil de chuid** an Aontais. Ba cheart Deimhniú leictreonach Cuideachta an Aontais Eorpaigh a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. **910/91 .0/2014**<sup>56</sup>. **Bheadh** Deimhniú Cuideachta an Aontais **seo** inrochtana freisin **do thríú** páirtithe, lena n-áirítear údaráis, a dteastaíonn faisnéis bhunriachtanach iontaoifa uathu faoi chuideachtaí. **Cé gur** cheart go **mbeadh cead ag na Ballstáit táille a ghearradh chun Deimhniú Cuideachta an Aontais a fháil, ba cheart a cheangal ar na cláir**, arna iarraidh sin **dóibh**, a **chur ar fáil** saor in aisce **uair amháin sa bhliain ar a laghad** do gach cuideachta atá cláráithe sa chlár sin **Deimhniú Cuideachta an Aontais dá chuid féin a bheith acu**. Ba cheart do chláir agus d'údaráis i mBallstáit eile glacadh le Deimhniú Cuideachta de chuid an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo.

---

<sup>56</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

## Leasú 11

### Togra le haghaidh treorach Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun nósanna imeachta trasteorann

PE751.881v02-00

náisiúnta ghnó, ba cheart go n-áireofaí **ann** faisnéis bhunriachtanach faoi chuideachta a úsáideann cuideachtaí i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear ainm na cuideachta, a hoifig chláráithe agus a hionadaithe dlíthiúla, agus ba cheart é a bheith ar fáil i **dteangacha oifigiúla uile** an Aontais. Ba cheart Deimhniú leictreonach Cuideachta an Aontais Eorpaigh a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe **amhail** dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. **910/2014**<sup>56</sup>. **Ba cheart** Deimhniú Cuideachta **sin** an Aontais **a bheith** inrochtana **saor in aisce** freisin **ag tríú** páirtithe, lena n-áirítear údaráis **agus ionadaithe na bhfostaithe**, a dteastaíonn faisnéis bhunriachtanach iontaoifa uathu faoi chuideachtaí. **Ba** cheart go **gceanglófaí ar chláir**, arna iarraidh sin, a **Dheimhniú Cuideachta féin de chuid an Aontais a sholáthar** saor in aisce do gach cuideachta atá cláráithe sa chlár sin. Ba cheart do chláir agus d'údaráis i mBallstáit eile glacadh le Deimhniú Cuideachta de chuid an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo.

---

<sup>56</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

*Leasú*

(25) Chun nósanna imeachta trasteorann

RR\1292107GA.docx

a éascú tuilleadh do chuideachtaí agus chun foirmiúlachtaí a shimpliú agus a laghdú, amhail apastail nó aistriúchán, ba cheart cumhacht aturnae dhigiteach de chuid an Aontais a bhunú. Beidh cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais ina samhail chaighdeánach ilteangach bunaithe ar theimpléad coiteann Eorpach a fhéadfaidh cuideachtaí a roghnú **le húsáid** i gcásanna trasteorann. Ba cheart inneachar éigeantach íosta a bheith ann, agus dhéanfaí é a tharraingt suas i gcomhréir le ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus fhoirmiúla. Ní bheadh cumhacht aturnae dhigiteach chaighdeánach an Aontais ann ach i bhfoirm dhigiteach agus ba cheart í a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. **Ina theannta** sin, chun cur le slándáil níos airde idirbheart, ba cheart cumhacht aturnae **digiteach** an Aontais a chomhdú i gclár na cuideachta **inar** féidir le tríú páirtithe ar féidir leo leas dlisteanach a léiriú **dul i gcomhairle léi**. Go háirithe, d'fhéadfadh tríú páirtithe, amhail dlíodóirí, nótaireí, institiúidí creidmheasa agus airgeadais nó údaráis inniúla a **gcuirtear cumhacht aturnae dhigiteach AE faoina mbráid**, a fhíorú, dá bhrí sin, **gurb** ann do na cumhachtaí sin i gclár na cuideachta. **Féadfaidh na Ballstáit a cheangal freisin go ndéanfaí** cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais **a chomhdú, ina theannta sin, i gclár eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**. **D'fhonn** bacainní teanga a shárú agus a n-úsáid a éascú, ba cheart an teimpléad le haghaidh Deimhniú Cuideachta de chuid an Aontais agus samhail chaighdeánach de chumhacht dhigiteach aturnae an Aontais a bheith ar fáil ar an tairseach r-cheartais i dteangacha uile an Aontais.

a éascú tuilleadh do chuideachtaí agus chun foirmiúlachtaí a shimpliú agus a laghdú, amhail apastail nó aistriúchán, ba cheart cumhacht aturnae dhigiteach de chuid an Aontais a bhunú. Beidh cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais ina samhail chaighdeánach ilteangach bunaithe ar theimpléad coiteann Eorpach a fhéadfaidh cuideachtaí a roghnú **a úsáid** i gcásanna trasteorann. Ba cheart inneachar éigeantach íosta a bheith ann, agus dhéanfaí é a tharraingt suas i gcomhréir le ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus fhoirmiúla. Ní bheadh cumhacht aturnae dhigiteach chaighdeánach an Aontais ann ach i bhfoirm dhigiteach agus ba cheart í a fhíordheimhniú **i gcomhréir leis an leibhéal dearbhaithe 'ard'** trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe **amhail** dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. **Sa bhreis air** sin, chun cur le slándáil níos airde idirbheart **agus clár poiblí iontaofa**, ba cheart cumhacht aturnae **dhigiteach** an Aontais a **shíniú trí úsáid a bhaint as ríomhshínithe cáilithe**. **I gcásanna ina ndeimhneofar nó ina bhfíordheimhneofar cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais, ba cheart don údarás deimhniúcháin nó fíordheimhniúcháin úsáid a bhaint as ríomhshínithe cáilithe nó ríomhshéalaí cáilithe, lena n-áirítear a saintréithe sonracha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a chomhdú i gclár na cuideachta **mar ar** féidir le tríú páirtithe ar féidir leo leas dlisteanach a léiriú **í a cheadú**. Go háirithe, d'fhéadfadh tríú páirtithe, amhail dlíodóirí, nótaireí, institiúidí creidmheasa agus airgeadais nó údaráis inniúla a fhíorú, dá bhrí sin, **gur** ann do na cumhachtaí **aturnae** sin i gclár na cuideachta. **Nuair a chomhdaítear í, ba cheart a mheas go bhfuil** cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais **bailí ina fhoirm fhoilsithe go dtí go bhfoilseofar leasú nó cúlghairm sa chlár**. **Chun** bacainní teanga a shárú agus a n-úsáid a éascú, ba cheart an teimpléad le haghaidh**

Deimhniú Cuideachta de chuid an Aontais agus samhail chaighdeánach de chumhacht dhigiteach aturnae an Aontais a bheith ar fáil ar an tairseach r-cheartais i dteangacha uile an Aontais.

## Leasú 12

### Togra le haghaidh treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Ag an am céanna, chun calaois nó brionnú a chosc, ba cheart go bhféadfadh údaráis an Bhallstáit ina **gcuirtear** doiciméad nó **faisnéis na cuideachta i láthair**, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu **maidir lena** bharántúlacht, an doiciméad nó an fhaisnéis a fhíorú tríd an gclár eisiúna nó tríd an gclár **eisiúna** ina Bhallstát féin, a d'fhéadfadh faisnéis faoi bharántúlacht an doiciméid a mhalartú **trí chóras** idirnascadh na gclár. Ba cheart go gcuirfeadh an malartú faisnéise sin **sin** leis an muinín fhrithpháirteach agus leis an gcomhar idir na Ballstáit laistigh den mhargadh aonair.

## Leasú 13

### Togra le haghaidh treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Chun cabhrú le cuideachtaí, agus go háirithe le FBManna, a ngníomhaíochtaí gnó a leathnú thar teorainneacha ar bhealach níos éasca, ba cheart **an** prionsabal '**aon-uaire**' a fhorbairt tuilleadh i gcásanna ina gcláraíonn cuideachtaí brainsí i mBallstát eile. Ba cheart an fhaisnéis faoin gcuideachta a chláraíonn an brainse trasteorann a aisghabháil go leictreonach ó chlár na cuideachta le clár

*Leasú*

(27) Ag an am céanna, chun calaois nó brionnú a chosc, ba cheart go bhféadfadh údaráis an Bhallstáit ina **soláthraítear an** doiciméad nó **an fhaisnéis atá ann**, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu **faoina** bharántúlacht **agus faoina chruinneas**, an doiciméad nó an fhaisnéis a fhíorú tríd an gclár eisiúna nó tríd an gclár ina Bhallstát féin, a d'fhéadfadh faisnéis faoi bharántúlacht an doiciméid a mhalartú **tríd an gcóras um** idirnascadh na gclár. Ba cheart go gcuirfeadh an malartú faisnéise sin leis an muinín fhrithpháirteach agus leis an gcomhar idir na Ballstáit laistigh den mhargadh aonair.

*Leasú*

(30) Chun cabhrú le cuideachtaí, agus go háirithe le FBManna, a ngníomhaíochtaí gnó a leathnú thar teorainneacha ar bhealach níos éasca, ba cheart prionsabal **na 'haonuaire'** a fhorbairt tuilleadh i gcásanna ina gcláraíonn cuideachtaí brainsí i mBallstát eile. Ba cheart an fhaisnéis faoin gcuideachta a chláraíonn an brainse trasteorann a aisghabháil go leictreonach ó chlár na cuideachta le clár an bhrainse trí



an bhrairse trí chóras *idirnascadh* na gclár. Déanfar an malartú faisnéise sin, mar aon le haon mhalartú faisnéise eile idir cláir trí chóras *idirnascadh* na gclár, trí tharchur slán idir cláir náisiúnta, lena n-áirithítear gur féidir iontaoibh a bheith as an bhfaisnéis agus nár cheart ceangal a chur uirthi a bheith deimhnithe ná faoi réir aon dlisteanú ná foirmiúlacht chomhchosúil.

chóras *idirnasctha* na gclár; *ba cheart gurbh fhéidir, áfach, modhanna eile a úsáid chun doiciméid agus faisnéis a mhalartú, i gcomhthráth le húsáid modhanna leictreonacha*. Déanfar an malartú faisnéise sin, mar aon le haon mhalartú faisnéise eile idir cláir trí chóras *idirnasctha* na gclár, trí tharchur slán idir cláir náisiúnta, lena n-áirithítear gur féidir iontaoibh a bheith as an bhfaisnéis agus nár cheart ceangal a chur uirthi a bheith deimhnithe ná faoi réir aon dlisteanú ná foirmiúlacht chomhchosúil. *Níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis a tharchuirtear mar chuid de chumarsáid leictreonach trí chóras idirnasctha na gclár ná níor cheart a mheas go bhfuil siad neamh-inghlactha ar an bhforas go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach, agus ar an bhforas sin amháin. Ba cheart go mbeadh éifeacht dhlíthiúil na ndoiciméad agus na faisnéise sin mar a chéile le héifeacht dhlíthiúil chlár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta i gceist cláraithe.*

Leasú 14

### Togra le haghaidh treorach Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo. De bhun mhír 22 *den* Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart go gcumhdódh an mheastóireacht an taithí phraiticiúil ar Dheimhniú Cuideachta an Aontais, cumhacht dhigiteach *aturnae* AE agus na

*Leasú*

(38) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo *laistigh de chúig bliana ó dheireadh a tréimhse trasuíte*. De bhun mhír 22 *de* Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar, mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart go gcumhdódh an mheastóireacht an taithí phraiticiúil ar Dheimhniú Cuideachta an Aontais,

foirmiúlachtaí laghdaithe i gcásanna trasteorann do chuideachtaí. *Ina theannta* sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht *maidir le hidir-inoibritheacht* trasearnála idir córas *idirnascadh* na gclár (BRIS) agus córais eile lena soláthraítear sásraí le haghaidh comhar idir údaráis inniúla, amhail i réimsí an chánachais nó na slándála sóisialta nó an Córas Teicniúil Aonuaire arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón *gComhairle* d'fhonn riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar bhonn trasteorann sa mhargadh *aonair*. Ar deireadh, ba cheart *an Coimisiún* measúnú a dhéanamh freisin ar an ngá le bearta breise a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais daoine faoi mhíchumas nuair a fhaigheann siad rochtain ar fhaisnéis cuideachta a *chuirtear ar fáil* sna cláir ghnó.

---

<sup>64</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

<sup>65</sup> Féach freisin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (COM(2022) 720 final), Teachtaireacht maidir le beartas idir-inoibritheachta poiblí neartaithe — Seirbhísí poiblí a nascadh, tacú le beartais phoiblí agus tairbhí poiblí a sholáthar – I dTreo ‘Eoraip Idir-inoibritheach’ (COM(2022)710 final)

cumhacht *aturnae* dhigiteach AE agus na foirmiúlachtaí laghdaithe i gcásanna trasteorann do chuideachtaí. *Sa bhreis air* sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht *go mbeadh idir-inoibritheacht* trasearnála *ann* idir córas *idirnascatha* na gclár (BRIS) agus córais eile lena soláthraítear sásraí le haghaidh comhar idir údaráis inniúla, amhail i réimsí an chánachais nó na slándála sóisialta nó an Córas Teicniúil Aonuaire arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón *gComhairle*<sup>64</sup>, d'fhonn riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar bhonn trasteorann sa mhargadh *aonair*<sup>65</sup>. Ar deireadh, ba cheart *don Choimisiún* measúnú a dhéanamh freisin ar an ngá le bearta breise a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais daoine faoi mhíchumas nuair a fhaigheann siad rochtain ar fhaisnéis cuideachta a *sholáthraítear* sna cláir ghnó.

---

<sup>64</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

<sup>65</sup> Féach freisin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (COM(2022) 720 final), Teachtaireacht maidir le beartas idir-inoibritheachta poiblí neartaithe — Seirbhísí poiblí a nascadh, tacú le beartais phoiblí agus tairbhí poiblí a sholáthar – I dTreo ‘Eoraip Idir-inoibritheach’ (COM(2022)710 final)

## Leasú 15

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 10 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialú coisctheach riaracháin nó **breithiúnach**, tráth a fhoirmítear cuideachta, ar an ionstraim chomhdhéanaimh, ar reachtanna na cuideachta agus ar aon leasuithe ar na doiciméid sin. **Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar na doiciméid sin a tharraingt suas agus a dheimhniú** i bhfoirm chuí dlí.

## Leasú 16

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) **nach bhfuil aon neamhrialtachtaí dlíthiúla substainteacha follasacha ann;** agus

## Leasú 17

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**I gcás, chun cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB a fhoirmiú, nach**

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialú coisctheach riaracháin, **breithiúnach**, nó **nótaireachta, nó aon mheascán díobh sin**, tráth a fhoirmítear cuideachta, ar an ionstraim chomhdhéanaimh, ar reachtanna na cuideachta agus ar aon leasuithe ar na doiciméid sin. **Tá an méid sin gan dochar do dhlíthe náisiúnta lena gceanglaítear, i gcomhréir le córais dlí na mBallstát, go ndrээachtófaí agus go ndeimhneofaí na doiciméid sin i bhfoirm chuí dlí.**

*Leasú*

(c) **go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla shubstainteacha;** agus

*Leasú*

**scriosta**

*gceanglaítear leis an dlí náisiúnta ionstraimí comhdhéanaimh agus reachtanna a tharraingt suas, áireofar sa nós imeachta um sheiceáil dlíthiúlachta rialú foirmiúil agus substainteach ar na doiciméid a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta chun cuideachtaí den sórt sin a fhoirmiú.*

## **Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 10 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh na Ballstáit an oibleagáid seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh faoi mhír 2, **pointí (b) agus (c)** den Airteagal seo a tharscaoileadh i gcás ina n-úsáideann iarratasóirí teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 13h.

## **Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh feidhm mutatis mutandis ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal **13(4), pointí (b) agus (c), Airteagal 13(5) agus (7), agus Airteagal 13g(3), pointí (a), (d), (e), (f)** maidir le foirmeacha eile foirmithe cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IIB nach bhfuil go hiomlán ar líne.

## **Leasú 20**

*Leasú*

3. Féadfaidh na Ballstáit an oibleagáid seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh faoi mhír 2, **pointe (b)**, den Airteagal seo a tharscaoileadh i gcás ina n-úsáideann iarratasóirí teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 13h.

*Leasú*

Beidh feidhm mutatis mutandis ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal **13c, Airteagal 13g(3), pointí (a), (d), (e), (f), Airteagal 13g(4), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 13g(5) agus (7)**, maidir le foirmeacha eile foirmithe cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IIB nach bhfuil go hiomlán ar líne.

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe a**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 13g – mír 2a – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó IIB cuideachta a fhoirmiú i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta á foirmiú, tríd an gcóras um idirnascaidh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 22, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta bhunaidh atá ábhartha don nós imeachta foirmithe atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta an fhaisnéis sin ná na doiciméid sin a **chur ar fáil**. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó **in Iarscríbhinn** IIB cuideachta a fhoirmiú i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta á foirmiú, tríd an gcóras um idirnascaidh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 22, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta bhunaidh atá ábhartha don nós imeachta foirmithe atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta an fhaisnéis sin ná na doiciméid sin a **sholáthar**. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b. **Mar sin féin, féadfaidh an clár modhanna eile a úsáid chun na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta bhunaidh a aisghabháil, i gcomhthráth le córas idirnascaidh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 22 a úsáid.**

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 – pointe a**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 4 – mír 2a – fomhír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Ní shéanfar éifeacht dhlíthiúil ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis a tharchuirtear mar chuid de chumarsáid leictreonach trí chóras idirnascaidh na gclár ná ní mheasfar go bhfuil siad neamh-inghlactha ar an bhforas go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach, agus ar an**

*bhforas sin amháin. Beidh éifeacht dhlíthiúil na ndoiciméad agus na faisnéise sin mar a chéile le héifeacht dhlíthiúil chlár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta i gceist cláraithe.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15 – pointe b**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14 – mír 2 – pointe m a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ma) cuspóir agus earnálacha gníomhaíochta na cuideachta, le húsáid an Aicmithe Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíochsa sa Chomhphobal Eorpach, i gcás ina n-úsáidtear na cóid sin de réir dhlíthe is infheidhme an Bhallstáit;*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14a – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(f) méid iomlán ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe;

(f) méid iomlán ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe *agus faisnéis faoi na comhpháirtithe a bhfuil dliteanas neamhtheoranta acu, lena léirítear go bhfuil a stádas dliteanais ina stádas neamhtheoranta, chomh maith le faisnéis faoi na comhpháirtithe a bhfuil dliteanas teoranta acu, lena léirítear uasmhéid sin a ndliteanais is féidir a bheith ann;*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14a – mír 1 – pointe g

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) an ionstraim chomhdhéanaimh, agus na reachtanna más in ionstraim ar **leithligh** atá siad, **má éilítear na doiciméid sin leis an dlí náisiúnta**;

*Leasú*

(g) an ionstraim chomhdhéanaimh, agus na reachtanna más in ionstraim ar **leith** atá siad;

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14b – mír 1 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) ainm an ghrúpa, **murab ionann é** agus **ainm** na máthairchuideachta deiridh.

*Leasú*

(d) ainm an ghrúpa, **má tá ainm ar an ngrúpa** agus **má tá sé éagsúil le hainm** na máthairchuideachta deiridh.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14b – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Déanfaidh an mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach nó an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2, **ar a laghad** uair sa bhliain, agus **in aon chás** tráth nach déanaí ná dáta **nochta na ndoiciméad cuntasaíochta** agus, mura gá nochtadh den sórt sin, faoi dheireadh na bliana airgeadais, an fhaisnéis a éilítear i míreanna 1 go 3, **i gcás inarb infheidhme**, a thabhairt cothrom le dáta, **sin nó a dheimhniú nár tharla aon athrú ar**

*Leasú*

6. Déanfaidh an mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach nó an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2, uair sa bhliain, agus tráth nach déanaí ná **an dáta dlite le haghaidh na doiciméid chuntasaíochta a chomhdú** agus, mura gá nochtadh den sórt sin, faoi dheireadh na bliana airgeadais, an fhaisnéis a éilítear i míreanna 1 go 3 a thabhairt cothrom le dáta **i gcás inarb infheidhme**.

*struchtúr an ghrúpa.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14b – mír 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. I gcás athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i **mír 5**, déanfaidh gach fochuideachta den ghrúpa atá faoi rialú ag dlí Ballstáit, lena n-áirítear aon mháthairchuideachta idirmheánach, na hathruithe sin a nochtadh sa chlár ina bhfuil sí cláraithe laistigh de sprioc-am 2 sheachtain ón dáta a ndearnadh na hathruithe.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14b – mír 11a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 14b a (nua)

*Leasú*

8. I gcás athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i **mír 5**, déanfaidh gach fochuideachta den ghrúpa atá faoi rialú ag dlí Ballstáit, lena n-áirítear aon mháthairchuideachta idirmheánach, na hathruithe sin a nochtadh sa chlár ina bhfuil sí cláraithe laistigh de sprioc-am 2 sheachtain **amhail** ón dáta a ndearnadh na hathruithe, **nó ón dáta a cuireadh ar an eolas i faoi na hathruithe.**

*Leasú*

**11a. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an fhaisnéis a nochtadh i gcomhréir leis an Airteagal i gclár dá dtagraítear in Airteagal 16.**



**Airteagal 14b a**

**Doiciméid agus sonraí a bheidh le  
nochtadh ag comhpháirtíochtaí**

**Sna Ballstáit ina n-áirítear faisnéis faoi  
chomharchumainn i gclár cuideachtaí,  
beidh sé éigeantach an fhaisnéis seo a  
leanas a nochtadh:**

- (a) ainm an chomharchumainn;**
- (b) foirm dhlíthiúil an  
chomharchumainn;**
- (c) oifig chláraithe an  
chomharchumainn agus an Ballstát ina  
bhfuil sí cláraithe;**
- (d) aon athrú ar oifig chláraithe an  
chomharchumainn;**
- (e) uimhir chlárúcháin an  
chomharchumainn;**
- (f) an ionstraim chomhdhéanaimh,  
agus na reachtanna más in ionstraim ar  
leith atá siad, má éilítear na doiciméid sin  
leis an dlí náisiúnta;**
- (g) aon leasú ar na hionstraimí dá  
dtagraítear i bpointe (f), lena n-áirítear  
aon síneadh ar ré an chomharchumainn;**
- (h) tar éis gach leasaithe ar an  
ionstraim chomhdhéanaimh nó ar na  
reachtanna, téacs iomlán na hionstraime  
nó na reachtanna arna leasú go dtí seo;**
- (i) sonraí na ndaoine atá údaraithe  
ionadaíocht a dhéanamh ar an  
gcomharchumann i bplé le tríú páirtithe  
agus faisnéis faoi cibé a fhéadfaidh na  
comhpháirtithe atá údaraithe ionadaíocht  
a dhéanamh ar an gcomharchumann é  
sin a dhéanamh ina n-aonar nó atá  
ceangal orthu gníomhú go  
comhphárteach;**
- (j) foirceannadh an  
chomharchumainn;**
- (k) aon dearbhú ó na cúirteanna ar  
neamhniú an chomharchumainn;**

*(l) sonraí na leachtaitheoirí agus cumhachtaí faoi seach na leachtaitheoirí, mura rud é go ndéantar na cumhachtaí sin a dhíorthú go sainráite ón dlí nó ó reachtanna an chomharchumainn, agus uatha sin amháin;*

*(m) leachtú a fhoirceannadh agus, sna Ballstáit sin ina mbíonn iarmhairtí dlíthiúla ann mar thoradh ar scriosadh as an gclár, cé acu a tharla nó nár tharla an scriosadh sin agus cá huair a tharla sé;*

*(n) an áit a bhfuil riarachán lárnach an chomharchumainn i gcás nach i mBallstát na hoifige cláráithe atá sé;*

*(o) príomháit ghnó an chomharchumainn i gcás nach i mBallstát na hoifige cláráithe atá sé.*

## Leasú 30

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 15 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) go gcomhdóidh cuideachtaí a liostaítear in *Iarscríbhinn II agus IIB* aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis leis an gclár, laistigh de thréimhse ama nach faide ná 15 lá oibre ón dáta a ndearnadh na hathruithe. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse ama sin maidir le hathruithe ar an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 14b agus ar na doiciméid chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14, pointe (f), agus in Airteagal 14a, pointe (l);

## Leasú 31

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17**

*Leasú*

(a) go ndéanfar aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis *ar chuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus IIB a chomhdú* leis an gclár laistigh de thréimhse ama nach faide ná 15 lá oibre ón dáta a ndearnadh na hathruithe. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse ama sin maidir le hathruithe ar an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 14b agus ar na doiciméid chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14, pointe (f), agus in Airteagal 14a, pointe (l);

Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 15 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) go ndéanfar aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB a iontráil sa chlár agus go nochtfar é, i gcomhréir le hAirteagal 16(3), laistigh de 5 lá oibre ó dháta chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí uile is gá chun an comhdú a dhéanamh, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chomhlíonann an dlí náisiúnta a fháil;

*Leasú*

(b) go ndéanfar aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB a iontráil sa chlár agus go nochtfar é, i gcomhréir le hAirteagal 16(3), laistigh de 5 lá oibre ó dháta chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí uile is gá chun an comhdú a dhéanamh, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chomhlíonann an dlí náisiúnta a fháil. ***Go heisceachtúil, i gcás inar gá mar gheall ar chastacht na seiceálacha atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 10, féadfar an spriocdháta sin a fhadú de 10 lá oibre;***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 15 – mír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ***go ndeimhneoidh cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB uair amháin gach bliain féilire go bhfuil an fhaisnéis faoin gcuideachta sa chlár cothrom le dáta agus go gcuirfear ar fáil go poiblí sna cláir an dáta a chuir an chuideachta an deimhniú sin ar fáil nó an dáta a thug sí an fhaisnéis cothrom le dáta;***

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b – mír 1

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 **an** Deimhniú Cuideachta AE maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB. Glacfar **leis an** Deimhniú Cuideachta AE **i ngach Ballstát** mar fhianaise **dhochloíte** ar chorprú na cuideachta agus ar an bhfaisnéis a liostaítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, faoi seach, atá i seilbh an chláir ina bhfuil an chuideachta cláraithe tráth na heisiúna.

## **Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 Deimhniú Cuideachta AE maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB. Glacfar **le** Deimhniú Cuideachta AE **sna Ballstáit uile** mar fhianaise **leordhóthanach** ar chorprú na cuideachta agus ar an bhfaisnéis a liostaítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, faoi seach, atá i seilbh an chláir ina bhfuil an chuideachta cláraithe tráth na heisiúna.

***I gcás ina bhfuil amhras réasúnach ar Bhallstát, bunaithe ar chritéir oibiachtúla amhail iomláine na seiceála dlíthiúlachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), faoi cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh rialú coisctheach ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis atá stóráilte i gclár Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 10 atá coibhéiseach ó thaobh feidhme de leis an rialú sin a áirithíonn na Ballstáit de ghnáth i gcomhréir le prionsabal na muiníne frithpháirtí, iarrfaidh an Ballstát sin go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar iontaofacht an rialaithe choiscthigh sin. I gcás ina ndeimhneoidh an Coimisiún nach bhfuil an rialú coisctheach sin coibhéiseach ó thaobh feidhme de, féadfaidh an Ballstát sin nó Ballstáit eile a chinneadh gan glacadh leis na doiciméid agus an fhaisnéis lena mbaineann mar fhianaise sa Bhallstát sin ná i mBallstáit eile go dtí go ndéanfar coibhéis an tsásra rialaithe choiscthigh a***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b – mír 2 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) seoladh poist **nó** teagmhála na cuideachta;

*Leasú*

(f) seoladh poist **agus** teagmhála na cuideachta, **i gcás ina bhfuil na sonraí sin taifeadta sa chlár náisiúnta;**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b – mír 2 – pointe g

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) seoladh leictreonach na cuideachta;

*Leasú*

(g) **mionsonraí maidir le suíomh gréasáin na cuideachta agus** seoladh leictreonach na cuideachta, **i gcás ina bhfuil na mionsonraí sin taifeadta sa chlár náisiúnta;**

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b - mír 2 - pointe j

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) stádas na cuideachta;

*Leasú*

(j) stádas na cuideachta, **amhail an tráth a dhúntar í, an tráth a bhaintear den chlár í, an tráth a dhéantar í a fhoirceannadh, an tráth a dhéantar í a dhíscaoileadh, an trath a bhíonn sí ag**

*gabháil d'imeachtaí dócmhainneachta, an tráth atá sí gníomhach nó neamhghníomhach go heacnamaíoch mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta agus i gcás ina mbeidh na mionsonraí sin taifeadta sa chlár náisiúnta;*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b - mír 2 - pointe 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(l) cuspóir na cuideachta;

*Leasú*

(l) cuspóir *agus earnálacha gníomhaíochta* na cuideachta, *le húsáid an Aicmithe Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach, i gcás ina n-úsáidtear na cóid sin de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme;*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b - mír 2 - pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) *mionsonraí maidir le suíomh gréasáin na cuideachta i gcás ina mbeidh sonraí den sórt sin taifeadta sa chlár náisiúnta.*

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16b – mír 5 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gach cuideachta a liostaítear in ***Iarscríbhinní II*** agus IIB a Deimhniú Cuideachta AE a fháil i bhformáid leictreonach saor in aisce ***uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana féilire***.

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16c – mír 1 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit, chun nósanna imeachta a dhéanamh i mBallstát eile ***i gcomhthéacs*** na Treorach seo, go bhféadfaidh cuideachtaí a liostaítear in ***Iarscríbhinní II*** agus IIB samhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach ***AE*** a úsáid i gcomhréir leis an Airteagal seo chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta.

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16c – mír 1 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfar an chumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a tharraingt suas agus a chúlghairm i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus fhoirmiúla náisiúnta. Áireofar ar na ceanglais náisiúnta maidir le

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gach cuideachta a liostaítear in ***Iarscríbhinn II*** agus ***in Iarscríbhinn IIB, mar aon le tríú páirtithe a dteastaíonn faisnéis bhunriachtanach iontaofa uathu faoi chuideachtaí, a*** Deimhniú Cuideachta AE a fháil i bhformáid leictreonach saor in aisce.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit, chun nósanna imeachta a dhéanamh i mBallstát eile ***laistigh de raon feidhme*** na Treorach seo, go bhféadfaidh cuideachtaí a liostaítear in ***Iarscríbhinn II*** agus ***Iarscríbhinn IIB*** samhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach ***an Aontais*** a úsáid i gcomhréir leis an Airteagal seo chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta.

*Leasú*

Déanfar an chumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a tharraingt suas agus a chúlghairm i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus fhoirmiúla náisiúnta. Áireofar ar na ceanglais náisiúnta maidir le

cumhacht aturnae dhigiteach *an Aontais* a tharraingt suas, ar a laghad, *fiorú ar chéannacht, ar inniúlacht dhlítheanach agus ar údarás chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta* an duine a dheonaíonn an chumhacht aturnae.

cumhacht aturnae dhigiteach *AE* a tharraingt suas, ar a laghad, *cúirteanna, údaráis riaracháin nó nótaireí céannacht* an duine a dheonaíonn an chumhacht aturnae, *inniúlacht dhlítheanach an duine a dheonaíonn an chumhacht aturnae agus údarás an duine a dheonaíonn an chumhacht aturnae ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta a fhíorú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Sa bhreis air sin, síneoidh an duine a dheonaíonn cumhacht aturnae an Aontais cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais trí úsáid a bhaint as ríomhshínithe cáilithe. I gcásanna ina ndéanfar cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a dheimhniú nó a fhíordheimhniú, úsáidfidh an t-údarás deimhniúcháin nó an t-údarás fíordheimhniúcháin ríomhshíniú cáilithe nó ríomhshéala cáilithe, lena n-áirítear a saintréithe sonracha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.*

## Leasú 43

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16c – mír 1 – fomhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíordheimhneofar *an chumhacht* aturnae dhigiteach AE trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus go mbeidh sí comhoiriúnach le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí].

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíordheimhneofar *cumhacht* aturnae dhigiteach AE *i gcomhréir leis an leibhéal dearbhaithe ‘ard’* trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus go mbeidh sí comhoiriúnach le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí].



**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**

Treoir (AE) 2017/1132

Airteagal 16c – mír 1 – fomhír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon leasú agus aon chúlghairm ar chumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a nochtadh sa chomhad dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus (3).***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**

Treoir (AE) 2017/1132

Airteagal 16c – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. dhéanamh ***thar ceann na cuideachta*** mar a shonraítear sa doiciméad.

2. ***Glacfar le cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais arna nochtadh i gcomhréir le mír 1 mar fhianaise ar theideal an duine údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta*** mar a shonraítear sa doiciméad ***agus mar a nochtar sa chomhad dá dtagraítear in Airteagal 16(1).***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**

Treoir (AE) 2017/1132

Airteagal 16c – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhdóidh na cuideachtaí dá dtagraítear i ***mír 1 an chumhacht*** aturnae dhigiteach

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhdóidh na cuideachtaí dá dtagraítear i ***mír 1 cumhacht*** aturnae dhigiteach ***an***

*AE*, aon leasú uirthi, agus aon chúlghairm, leis an gclár ina bhfuil an chuideachta cláraithe.

*Aontais*, aon leasú uirthi, agus aon chúlghairm *uirthi*, leis an gclár ina bhfuil an chuideachta cláraithe, *laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad. Leis an gclár sin, déanfar barántúlacht chumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a sheiceáil go críochnúil agus go cuimsitheach trí mhodhanna teicniúla i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.*

## Leasú 47

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16c – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Údaráis inniúla, cláir dá dtagraítear in Airteagal 16, nó aon tríú páirtí eile ar féidir leis leas dlisteanach a léiriú, beidh rochtain acu ar ***an gcumhacht*** aturnae dhigiteach AE i gclár na cuideachta.

*Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach*

4. Údaráis inniúla, cláir dá dtagraítear in Airteagal 16, nó aon tríú páirtí eile ar féidir leis leas dlisteanach a léiriú, beidh rochtain acu ar ***chumhacht*** aturnae dhigiteach AE i gclár na cuideachta. ***Beidh aon mhuirear ar rochtain a fháil ar dhoiciméad den sórt sin i gcomhréir le costas iarbhír an chláir.***

## Leasú 48

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16c – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Foilseoidh an Coimisiún an tsamhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais ar an tairseach i ***ngach teanga oifigiúil de chuid*** an Aontais.

*Leasú*

5. Foilseoidh an Coimisiún an tsamhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais ar an tairseach i ***dteangacha oifigiúla eile*** an Aontais. ***Áireofar i gcumhacht aturnae dhigiteach an Aontais forálacha maidir leis an méid seo a leanas:***

(a) *an cineál ionadaíochta, cibé acu ionadaíocht aonair nó comhionadaíocht í, agus, más comhionadaíocht í, cé leis a roinntear an ionadaíocht;*

(b) *aon srianta ar fhéindéileáil nó ar ilionadaíocht;*

(c) *raon feidhme chumhacht dhigiteach aturnaí an Aontais agus na faisnéise, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:*

(i) *cuideachtaí a fhoirmiú;*

(ii) *athruithe ar airteagail chomhlachais cuideachtaí;*

(iii) *brainsí a chlárú;*

(iv) *comhshónna trasteorann;*

(v) *cumaisc agus deighiltí trasteorann.*

## Leasú 49

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 16e – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. *Mura ndeimhnítear barántúlacht na gcóipeanna agus na sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis, féadfaidh an t-údarás iarrthach cinneadh a dhéanamh gan glacadh leo.*

*Leasú*

4. *Ní fhéadfaidh an t-údarás iarrthach a chinneadh gan glacadh le cóipeanna ná sleachta de dhoiciméid ná d'fhaisnéis ach amháin más rud é nach ndaingnítear a mbarántúlacht agus a gcrúinneas leis an gclár óna n-iarrann sé faisnéis de bhun mhír 2. Sa chás sin, tabharfaidh siad fógra dóibh siúd a thíolaic na doiciméid sin agus an fhaisnéis sin faoin gcinneadh sin laistigh de 5 lá oibre tar éis dóibh an freagra a fháil ó na pointí teagmhála.*

## Leasú 50

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 23 a (nua)**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 19 – mír 2 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(23a) In Airteagal 19, mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:**

**(fa) líon fostaithe na cuideachta, i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil i ráitis airgeadais na cuideachta mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta;**

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil **maidir le pionóis** éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil **do phionóis** éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, **lena n-áirítear pionóis airgid**, sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 28 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéantar na pionóis sin a fhorfheidhmiú.'

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéantar na pionóis sin a fhorfheidhmiú. **Agus cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar thromchúis agus fad an tsárraithe, ar aon sárúithe a rinneadh roimhe sin agus ar láimhdeachas na cuideachta;**

## Leasú 53

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 30**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 28a – mír 4 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ndoiciméad agus na faisnéise **a gcuirtear** isteach chun an brainse a chlárú, **ach amháin** na doiciméid agus an fhaisnéis a aisghabhtar ó chlár na cuideachta i gcomhréir le mír 5;

## Leasú 54

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 32**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 28a – mír 5a – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcláróidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn IIB brainse i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh an clár ina bhfuil an brainse á chlárú, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta atá ábhartha don nós imeachta clárúcháin atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta na doiciméid agus an fhaisnéis sin a sholáthar. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b. Cuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm freisin maidir le haon fhoirm eile clárúcháin brainsí seachas clárú brainsí go hiomlán ar líne.

*Leasú*

(c) fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ndoiciméad agus na faisnéise **arna gcur** isteach chun an brainse a chlárú, **seachas** na doiciméid agus an fhaisnéis a aisghabhtar ó chlár na cuideachta i gcomhréir le mír **5a**;

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcláróidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn IIB brainse i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh an clár ina bhfuil an brainse á chlárú, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta atá ábhartha don nós imeachta clárúcháin atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta na doiciméid agus an fhaisnéis sin a sholáthar. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b. Cuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm freisin maidir le haon fhoirm eile clárúcháin brainsí seachas clárú brainsí go hiomlán ar líne. **Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit modhanna eile cumarsáide a úsáid freisin, i gcomhthráth le córas idirnasctha na gclár a úsáid. Ní shéanfar**

*éifeacht dhlíthiúil ar dhoiciméid ná ar fhaisnéis a tharchuirtear mar chuid de chumarsáid leictreonach trí chóras idirnasctha na gclár ná ní mheasfar go bhfuil siad neamh-inghlactha ar an bhforas go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach, agus ar an bhforas sin amháin. Beidh éifeacht dhlíthiúil na ndoiciméad agus na faisnéise sin mar a chéile le héifeacht dhlíthiúil chlár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta i gceist cláraithe.*

## Leasú 55

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 36**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 40 –fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil **maidir le pionóis** éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i gcás **teip** na hábhair a leagtar amach in Airteagail 29, 30, 31, 36, 37 agus 38 a nochtadh agus i gcás faillí an fhaisnéis éigeantach dá bhforáiltear in Airteagail 35 agus 39 a chur isteach i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe.

## Leasú 56

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 36**  
Treoir (AE) 2017/1132  
Airteagal 40 –fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéantar na pionóis sin a fhorfheidhmiú.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil **do pionóis** éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, **lena n-áirítear pionóis airgid**, i gcás **mainneachtain** na hábhair a leagtar amach in Airteagail 29, 30, 31, 36, 37 agus 38 a nochtadh agus i gcás faillí an fhaisnéis éigeantach dá bhforáiltear in Airteagail 35 agus 39 a chur isteach i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéantar na pionóis sin a fhorfheidhmiú. **Agus cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar thromchúis agus**

*fad an tsáraithe, ar aon sárúithe a rinneadh roimhe sin agus ar láimhdeachas na cuideachta.*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 4 – mír 3 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) imthosca a fhágann go ndéantar úsáid uirlisí digiteacha agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a chur chun cinn nó a dhíspreagadh***

## **RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN**

### **Réamhrá**

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a uasghrádú. Aithníonn an Rapóirtéir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na forbairtí i ndigitiú agus i dteicneolaíocht le blianta beaga anuas, agus creideann sé, maidir leis na hathruithe ar an gcaoi a gcláraíonn gnólachtaí, agus a bhfeidhmíonn agus a n-oibríonn cuideachtaí agus údaráis agus ndeanann siad cumarsáid maidir le saincheistanna a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, gur gá iad sin a léiriú i gcreat dlíthiúil AE.

Dar leis an Rapóirtéir, ba cheart gurbh é príomhaidhm an togra seo ná laghdú ar an ualach riaracháin do chuideachtaí chun go mbainfidh siad tairbhe iomlán as margadh aonair comhchuibhithe, comhtháite agus digitithe, gan bacainní riaracháin.

### **Rialuithe leictreonacha poiblí comhlántacha ar chéannacht, ar inniúlacht dhlíthiúil agus ar dhlíthiúlacht**

Creideann an Rapóirtéir maidir le dlíthiúlacht idirbheart faoi dhlí na gcuideachtaí, le cosaint clár poiblí iontaofa agus le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chosc, go gceanglaítear leo sainathint cheart shlán na rannpháirtithe in idirbhearta faoi dhlí na gcuideachtaí chomh maith lena n-inniúlacht dhlíthiúil a fhíorú. Is réamhriachtanas é an custaiméir a shainaithint go hiontaofa i gcomhréir leis an bprionsabal ‘bíodh aithne agat ar do chustaiméirí’ faoi rialacha AML/CFT le haghaidh aon oibleagáidí díchill chuí do chustaiméirí AML/CFT agus, dá bhrí sin, le haghaidh aon chosc ML/TF.

### **Gan ualaí riaracháin breise ar chuideachtaí trí dhearbhuíthe bliantúla ar fhaisnéis ghrúpa**

Ní aontaíonn an Rapóirtéir oibleagáidí nua agus ualaí neamhriachtanacha a chur ar chuideachtaí agus, dá bhrí sin, tá sé i gcoinne an togra ón gCoimisiún chun máthairchuideachtaí a chur faoin oibleagáid faisnéis an ghrúpa a thabhairt cothrom le dáta nó a dheimhniú, uair sa bhliain ar a laghad.

### **Ní ghearrfar aon táille ar Dheimhniú Cuideachta de chuid an Aontais Eorpaigh a fháil**

Creideann an Rapóirtéir gur cheart cuideachtaí a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cuideachta AE agus, dá bhrí sin, tá sé i gcoinne an smaoinimh go n-éileoidh na Ballstáit táille ó chuideachtaí chun Deimhniú Cuideachta AE a fháil.

### **Cumhacht aturnae an Aontais**

Creideann an Rapóirtéir gur cheart cumhacht aturnae an Aontais a shíniú trí úsáid a bhaint as ríomhshínithe cáilithe nó i gcás ina bhfuil cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais deimhnithe nó fíordheimhnithe, ba cheart don údarás deimhniúcháin nó fíordheimhniúcháin úsáid a bhaint as ríomhshínithe cáilithe nó ríomhshéalaí cáilithe. Nuair a chomhdaítear é, ba cheart a



mheas go bhfuil cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais bailí san fhoirm a fhoilsítear sa chlár. Ní mór aon leasú nó aon chúlghairm ar chumhacht aturnae an Aontais a fhoilsiú sa chlár.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuarascála, go dtí gur glacadh sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó</b>
An Coimisiún Eorpach – AS JUST
Comhairle Nótairí an Aontais Eorpaigh (CNUE)
Bundesnotarkammer K.d.ö.R
Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)
EuropeanIssuers
Conseil National des Greffiers des Tribunaux de Commerce (CNGTC)

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí digiteacha agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh		
<b>Tagairtí</b>	COM(2023)0177 – C9-0121/2023 – 2023/0089(COD)		
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	30.3.2023		
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 17.4.2023		
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	IMCO 17.4.2023		
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	IMCO 25.4.2023		
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Emil Radev 5.5.2023		
<b>Pléite sa choiste</b>	27.6.2023	7.9.2023	24.10.2023
<b>Dáta an ghlactha</b>	29.11.2023		
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+: –: 0:	22 0 0	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Pascal Arimont, Geoffroy Didier, Ibán García Del Blanco, Virginie Joron, Pierre Karleskind, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Raffaele Stancanelli, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos		
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Daniel Buda, Pascal Durand, Heidi Hautala		
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Sylvie Guillaume, Pedro Marques, Anne-Sophie Pelletier		
<b>Dáta don chur síos</b>	5.12.2023		

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

22	+
ECR	Raffaele Stancanelli
ID	Virginie Joron, Gilles Lebreton
NI	Sabrina Pignedoli
EPP	Pascal Arimont, Daniel Buda, Geoffroy Didier, Jiří Pospíšil, Axel Voss, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos
Renew	Pierre Karleskind, Karen Melchior, Adrián Vázquez Lázara
S&D	Pascal Durand, Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Pedro Marques, Tiemo Wölken
An Chlé	Anne-Sophie Pelletier
Na Glasaigh/SCE	Heidi Hautala, Sergey Lagodinsky

0	-

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh